Bhí mé féin agus mo chara Nuala ar scoil lá amháin ag féachaint ar fhógra ar an bhalla. Bhí cluiche ceannais peile ar siúl idir Choláiste Cholmáin agus Naomh Eoin. Bhí na busanna ag fágáil na scoile ar a deich a chlog agus ag filleadh ar a sé a chlog.

Dhúisigh mé ar leathuair tar éis a naoi ar maidin agus rith muid

go dtí an scoil. Bhí an bus ag fágáil na scoile,

ach dúirt an múinteoir nach raibh muid ar an bhus. Ansin chonaic Peadar muid ag rith, buíochas le Dia!

Chuaigh muid chuig/go dtí bialann ar leathuair tar éis a dó dhéag, agus d'ith me sicín agus sceallóga. Ansin, chuaigh muid go dtí an cluiche ar an bhus. Bhí an cluiche go hiontach!

Scóráil mo chara Séamas agus bhí gach duine ar bís! Chuaigh muid abhaile, agus bhí gach duine ar an bhus ag ceol/canadh. D'fhág muid an bus ag an scoil, agus bhí gach duine sona sásta gur bhain/bhuaigh muid an cluiche.